CUIR AITHNE AR ADEOLAS AR ROINN DLÍ AGUS CIRT

poistphoiblí
publicjobs

Cuir aithne ar Adeola sa Roinn Dlí agus Cirt

Grúpa Daltaí: Daltaí san Idirbhliain/sa Chúigiú Bliain/daltaí ATF/daltaí GCAT

Eolas a clúdaíodh go dtí seo:

- Beidh tuiscint ag na daltaí ar ghairmeacha éagsúla laistigh den earnáil agus in earnálacha níos leithne ón staidéar gairmthreorach atá déanta acu.
- Beidh daltaí in ann taighde a dhéanamh ar ghairmeacha agus naisc a dhéanamh idir a réimsí spéise féin agus poist san earnáil phoiblí.
- Tuigfidh daltaí nach bhfuil róil áirithe ar fáil ach san earnáil phoiblí agus beidh siad in ann poist san earnáil phoiblí a aithint agus cuardach gairme á dhéanamh acu ar CareersPortal.ie agus beidh tuiscint acu ar shuíomh gréasáin publicjobs.ie.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar an 'dréimire gairme' agus ar an gcaoi a mbaineann sé leis an earnáil phoiblí (atá cosúil leis an gcaoi a mbaineann sé leis an earnáil phríobháideach).

Cás-Staidéar

- Físeán Adeola
- Conair Ghairme Adeola

Acmhainní:

- Ríomhaire Glúine agus Osteilgeoir
- Rochtain ar Publicjobs.ie
- Nasc físe chuig scéal Adeola
- Grafaic Faisnéise Publicjobs.ie
- Sleamhnáin faoi Chonair Ghairme Adeola
- Bileog Oibre do Dhaltaí
- Bileog Threorach don Mhúinteoir
- Clár bán agus marcóir
- Spás do ghrúpaí Plé / Cláir Mhachnaimh/Roinnte.

Cuspóirí Foghlama:

- Próiseas iarratais agus róil agus freagrachtaí an Oifigigh Riaracháin san earnáil phoiblí a mhíniú.
- Cur síos ar na buntáistí agus na deiseanna san earnáil phoiblí, go háirithe maidir le cothromaíocht oibre agus saoil.
- Úsáid a bhaint as físeán Adeola chun plé a spreagadh ar thábhacht an choincheapa ar a dtugtar 'Ionad Oibre na Todhchaí', lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú, deiseanna, tacaíocht agus forbairt, mar aon le cothromaíocht oibre agus saoil, conairí dul chun cinn agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

Céimeanna an Cheachta:

1. Téigh siar ar na gnéithe éagsúla den earnáil phoiblí a ndearnadh plé orthu sna ceachtanna roimhe seo.
2. Leag amach cuspóirí foghlama cheacht an lae inniu, bunaithe ar an bhfíseán a bhaineann le Cás-Staidéar Adeola.
3. Mínigh Cás-Staidéar Adeola, Oifigeach Riaracháin, Acmhainní Daonna, sa Roinn Dlí agus Cirt trí úsáid a bhaint as an ngrafaic faisnéise chun an áit a bhfuil an post san earnáil i gcoitinne a aithint.
4. Tabhair achoimre ar an gcás-staidéar seo agus ar na nithe a bheidh gceist agus ar na ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus na daltaí ag féachaint ar an bhfíseán sula ndéanann siad plé air / sula gcomhlíonann siad an bhileog oibre.
5. Iarr ar na daltaí díriú ar na tuairimí atá acu faoin gcoincheap ar a dtugtar 'ionad oibre na todhchaí' agus éisteacht go cúramach le cuid de na gnéithe dona ndéantar Adeola tagairt ina físeán.
6. Tabhair an bhileog oibre/ceistneoir do na daltaí sula bhféachann siad ar an bhfíseán chun a suim a mhúscailt.

7. Bain úsáid as an sleamhán chun plé a dhéanamh ar chodanna éagsúla na bileoige oibre, agus mínigh go gcuirfear an físeán ar siúl uair amháin, ar a laghad, chun plé a spreagadh agus dírigh a n-aird ar ghnéithe ar leith, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas; deiseanna, buntáistí, ionad oibre na todhchaí, éagsúlacht agus cuimsiú.
8. Féacfaidh na daltaí ar an bhfíseán ar osteilgeoir le chéile mar ghrúpa agus, ansin, is féidir dul siar ar ghearrthóga ar leith chun plé suntasach a speagadh.
9. Nóta: is féidir leis an múinteoir nótaí a dhéanamh maidir pointí san fhíseán atá suntasach, dar leo, roimh an gceacht nó má ritheann aon rud leo le linn an cheachta. Is féidir le daltaí nótaí a bhreacadh síos maidir le pointí suntasacha más mian leo chomh maith.
10. Déanfaidh na daltaí Gníomhaíocht 1 bunaithe ar an bhfíseán. Is féidir leo é seo a dhéanamh ina n-aonar nó i ngrúpaí. Nuair atá an ghníomhaíocht comhlíonta acu, déan na freagraí a phlé leis na daltaí.
11. Iarr ar na daltaí obair a dhéanamh i mbeirteanna chun plé machnamhach/ roinnte a dhéanamh ar an gcoincheap ar a dtugtar 'Ionad Oibre na Todhchaí' i nGníomhaíocht 2.
12. Cuir deireadh leis an gceacht le ceisteanna machnaimh.